CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1227 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Iúil 2021

lena leasaítear aitheantas DNV GL AS i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) agus Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, tá an Coimisiún freagrach as aitheantas a dheonú d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge ar mian leo go n-údarófaí dóibh seirbhísí a sholáthar thar ceann na mBallstát. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin cuirtear ceangal ar an gCoimisiún measúnú rialta a dhéanamh ar eagraíochtaí aitheanta lena áirithiú go leanfaidh siad orthu de cheanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh.

(2) Mar chuid den measúnú sin, fíoraíonn an Coimisiún gurb é sealbhóir an aitheantais a dheonaítear an t-eintiteas dlíthiúil ábhartha laistigh den eagraíocht a mbeidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir léi, de réir bhrí agus i gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (c) agus Airteagal 4(3) den Rialachán sin. Murab amhlaidh an cás, déanfaidh an Coimisiún cinneadh lena leasófar an t-aitheantas sin. De bhun Airteagal 2, pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, ciallaíonn 'eagraíocht' eintiteas dlíthiúil, a fhochuideachtaí agus aon eintiteas eile faoina rialú, a chuireann cúraimí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcrích i gcomhpháirt nó go leithleach.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2013) 8876 ón gCoimisiún deimhníodh gurbh é DNV GLAS sealbhóir an aitheantais arna dheonú do Det Norske Veritas. De réir an Chinnidh Cur Chun Feidhme sin, is é DNV GL AS máthaireintiteas na n-eintiteas dlíthiúil uile atá san eagraíocht aitheanta chun críoch Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

(4) Cuireadh an Coimisiún ar an eolas gur tháinig athrú ar ainm an mháthaireintitis dhlíthiúil ó DNV GL AS go DNV GL AS amhail ón 1 Márta 2021. Mar thoradh air sin, is é DNV AS an máthaireintiteas dlíthiúil ábhartha ar cheart aitheantas a dheonú dó.

(5) Ní bheidh tionchar ag an athrú in aitheantas an mháthaireintitis ábhartha thuasluaite ar chumas na heagraíochta sin na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 a chomhlíonadh.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

([1]) IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear an Rialachán maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an t-aitheantas a dheonaítear do DNV GL AS trí DNV AS a chur in ionad ainm DNV GL AS, arb é máthaireintiteas na n-eintiteas dlíthiúil uile san eagraíocht aitheanta é chun críoch Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN